Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

11.11.2025

Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an Togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn – EGF/2025/003 SE Northvolt (2025/0326(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Samhain 2025. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach.

Mise le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

A. De bhrí, an 16 Meitheamh 2025, gur chuir an tSualainn iarratas isteach chun an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí oibrithe in Northvolt (Northvolt AB) agus a fhochuideachtaí agus i 13 cinn d'fhochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachtacha sa tSualainn. de bhrí gur forlíonadh é le faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán CED; de bhrí gur oibrigh an príomhfhiontar sna hearnálacha eacnamaíocha a aicmítear faoi rannáin 71 NACE Athbhreithniú 2 (Gníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta; tástáil agus anailís theicniúil); de bhrí go bhfuil na hiomarcaíochtaí a rinne Northvolt lonnaithe go príomha i réigiúin NUTS 2 Övre Norrland (SE33), Stócólm (SE11), agus Östra Mellansverige (SE12);

B. de bhrí gur chuir an tSualainn an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear scor na gníomhaíochta i gcás 200 oibrí iomarcach ar a laghad le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a chuirtear as a bpost i soláthróirí agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht. de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 5 829 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in Northvolt (Northvolt AB) agus ina fhochuideachtaí, agus in ocht gcinn d'fhochonraitheoirí, soláthróirí agus táirgeoirí iartheachtacha, laistigh den tréimhse thagartha 4 mhí a leanfaidh ón 28 Samhain 2024 go dtí an 28 Márta 2025; de bhrí go n-áirítear leis na tairbhithe incháilithe, i dteannta na n-oibrithe sin, 657 n-oibrí iomarcacha a raibh deireadh tagtha lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh sin; de bhrí gurb é 6 486 dhuine an líon iomlán tairbhithe incháilithe;

D. de bhrí, an 28 Deireadh Fómhair 2025, gur thíolaic an Coimisiún don Pharlaimint agus don Chomhairle togra le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh i bhfabhar na Sualainne chun tacú le 5 800 tairbhí spriocdhírithe a ath-imeascadh sa mhargadh saothair

E. de bhrí gur mórtheagmhas athstruchtúrúcháin a bhaineann le Northvolt AB é an teagmhas as ar eascair na hiomarcaíochtaí sin, agus féimheacht an fhiontair ina dhiaidh sin an 12 Márta 2025; de bhrí, mar iarracht tionscal ceallraí Eorpach a bhunú chun spleáchas ar mhonaróirí Síneacha a laghdú, gur bhunaigh infheisteoirí príobháideacha Northvolt AB in 2016; de bhrí gur osclaíodh monarcha ceallraí, ar a dtugtar Northvolt Ett, i mbardas Skellefteå i mí an Mheithimh 2022, agus gur bunaíodh Northvolt Labs mar champas taighde i mbardas Västerås; de bhrí gur bunaíodh Northvolt Ett agus é mar aidhm leis ceallraí litiam-ian a mhonarú le haghaidh gluaisteáin leictreacha agus chun fuinneamh a stóráil;

F. de bhrí, áfach, gur tháinig fadhbanna tromchúiseacha sa phróiseas táirgthe chun solais go tapa agus le linn 2023, nach raibh an táirgeadh in Northvolt Ett ag sroicheadh ach 0.5 % dá acmhainneacht a bhí beartaithe ar dtús; de bhrí, mar gheall ar na moilleanna sin, go raibh ar chliaint mhóra Northvolt a n-orduithe a chur ar ceal; de bhrí, an tráth céanna, gur dhíol táirgeoirí ceallraí Síneacha ceallraí ar leathphraghas i gcomparáid le Northvolt, mar gheall ar fhóirdheontais stáit; de bhrí, mar thoradh ar cheannasacht na Síne, agus mar iarracht a bheith neamhspleách ar tháirgeoirí Síneacha, gur thug go leor geilleagair dhomhanda fóirdheontas mór freisin dá dtáirgeadh ceallraí féin, rud a d'fhág go raibh rósholáthar ollmhór ceallraí ann, agus go raibh táirgeoirí Síneacha amháin in ann freastal ar an éileamh domhanda;

G. de bhrí gur fhógair Lyten, cuideachta nuathionscanta Meiriceánach, an 7 Lúnasa 2025, go raibh sé ar intinn aige táirgeadh ceallraí Northvolt a ghlacadh ar láimh; de bhrí go bhfuil an t-idirbheart sin á fhormheas faoi láthair ag údaráis na Sualainne; de bhrí nach léir faoi láthair cén uair a d'fhéadfaí tús a chur leis an táirgeadh arís agus cé mhéad oibrí a d'fhéadfaí a athfhostú;

H. de bhrí gurb í féimheacht Northvolt an fhéimheacht is mó sa tSualainn sa lá atá inniu ann; de bhrí, áfach, nach bhfuil údaráis na Sualainne ag súil le haon tionchar mór i gcathracha Västerås agus Stócólm, agus, le níos mó ná 5000 duine easáitithe, go bhfuil an tionchar ar chathair Skellefteå (daonra 36000 sa chathair agus 77000 sa bhardas) tromchúiseach mar is léir ón méadú géar ar an ráta dífhostaíochta ó 2.9 % go 8.2 % tar éis fhéimheacht Northvolt; de bhrí, dá bhrí sin, gur chinn údaráis na Sualainne cúnamh CED a dhíriú ar Skellefteå, agus go gcuirfear an lucht saothair in Västerås agus i Stócólm ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le bearta CED, agus go ndeonófar cúnamh arna iarraidh sin;

I. de bhrí nach rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais an mhargaidh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo in aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, arb aistrithe iad a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, i rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Ghearmáin i dteideal EUR 8 526 322 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoi Rialachán CED, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 14 210 537, a chuimsíonn EUR 4 663 977 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 546 560 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh imirce daoine oilte a bheith mar thoradh ar aon mhoill maidir le tacaíocht a thabhairt d'oibrithe fostaíocht nua a aimsiú, rud a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a imirt ar an réigiún, ós rud é gur bhog go leor oibrithe go Skellefteå i dtuaisceart na Sualainne don phost ag Northvolt amháin; á mheabhrú go bhfuil 29 % de na tairbhithe spriocdhírithe faoi bhun 30 bliain agus go bhfuil 68 % idir 30 agus 54 bliana d'aois agus go bhfuil oideachas treasach ag 64 % díobh; á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur náisiúnaigh tríú tír iad 40 % de lucht saothair Northvolt, a bhfuil a gceadanna oibre agus cónaithe ag brath ar a bhfostaíocht;

4. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an tSualainn in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le hionadaithe na n-oibrithe agus leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán CED;

5. ag tabhairt dá haire gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do na hoibrithe ná na bearta seo a leanas: (a) measúnú domhain agus pleanáil aonair, (b) gníomhaíochtaí cuardaigh poist agus cóitseáil, (c) tacaíocht chun a ngnó féin a thosú, (d) tacaíocht infheistíochta nuathionscanta (beidh an deis ag cuardaitheoirí poist a chuireann tús lena gcuideachta féin iarratas a dhéanamh ar thacaíocht infheistíochta shonrach suas le EUR 22000), (e) oiliúint sa mhargadh saothair, (f) cúrsaí oiliúna laistigh den ghnáthchóras oideachais, (g) Céimeanna chun Oibre (beart atá dírithe ar thairbhithe fíorleochaileacha a bhféadfadh tacaíocht speisialta a bheith ag teastáil uathu chun rochtain a fháil ar an margadh saothair nó chun oideachas a shaothrú), agus (h) liúntais (liúntas le haghaidh intéirneachtaí, liúntais dóibh siúd atá ag ullmhú chun a ngnó féin a sheoladh, liúntas gníomhaíochta dóibh siúd atá rannpháirteach go gníomhach sna bearta oiliúna a thairgtear, liúntas soghluaisteachta a íoctar chun speansais taistil agus aistrithe a chumhdach má aimsítear fostaíocht nua i réigiún eile, speansais taistil chun páirt a ghlacadh in agallaimh poist lasmuigh den bhaile);

6. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, a cheanglaíonn go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus fócas áirithe ann ar leathadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch; áirítear le hábhar an chúrsa réimsí amhail rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe (PLC), uathoibriú tionsclaíoch, bainistiú táirgthe dhigitigh, teicneolaíocht atá tíosach ar fhuinneamh agus ríomhchlárú bunúsach;

7. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh

an tSualainn nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí eile airgeadais de chuid an Aontais;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.